Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Aibreán 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0194(COD)

6164/1/21
REV 1 ADD 1

GAF 18
FIN 113
CADREFIN 69
CODEC 202
PARLNAT 86

# RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena mbunaítear clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 ('clár Pericles IV') agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 331/2014<br>Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 13 Aibreán 2021 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 31 Bealtaine 2018, tharchuir an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 ('clár Pericles IV')[1], ar cuid den phacáiste é a cuireadh isteach i gcomhthéacs an chreata airgeadais ilbhliantúil, 2021-2027.

2. Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 133 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Comhlánaítear é leis an dara togra ón gCoimisiún lena leathnaítear clár Pericles IV chuig Ballstáit an Aontais Eorpaigh nach bhfuil an euro mar airgeadra aonair acu go fóill[2], togra a bheidh faoi réir nós imeachta um thoiliú de réir Airteagal 352 CFAE.

3. An 13 Feabhra 2019, ghlac seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa rún reachtach maidir le seasamh ar an gcéad léamh[3].

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Chomhrac na Calaoise an togra ón gCoimisiún ag roinnt cruinnithe idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2018. An 19 Nollaig 2018, ghlac Coiste na mBuanionadaithe sainordú páirteach[4] chun tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa, i bhfianaise roinnt forálacha cothrománacha a bhaineann leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI).

---

1 9589/18 + ADD 1 + ADD 2 (COM(2018) 369 final + IARSCRÍBHINN + SWD(2018) 281 final).
2 9625/18 (COM(2018) 371 final).
3 6213/19.
4 14985/18 + ADD 1.

5. Idir mhí Feabhra agus mhí na Samhna 2020, rinneadh téacs an dréacht-Rialacháin a chaibidil le Parlaimint na hEorpa ar an leibhéal teicniúil, agus réitíodh saincheisteanna suntasacha le comhréitigh ón dá thaobh.

6. Chuathas i gcomhairle le comhaltaí na Meithle um Chomhrac na Calaoise maidir leis an téacs nuair a thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir le CAI an 10 Samhain 2020. Ar bhonn an chomhairliúcháin sin, lenar dearbhaíodh sainordú na hUachtaránachta, d'óstáil Parlaimint na hEorpa cruinniú tríthaobhach an 29 Eanáir 2021 trí fhíschomhdháil, ag ar thángthas ar chomhaontú sealadach, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch.

7. An 29 Eanáir 2021, cuireadh an comhaontú sealadach i scríbhinn faoi bhráid chomhaltaí na Meithle um Chomhrac na Calaoise, nach raibh aon agóid aici in aghaidh théacs an chomhaontaithe.

8. Dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh deiridh an 3 Feabhra 2021[5].

9. Chuir Coiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) an téacs sin chun vóta dearbhaithe an 4 Feabhra 2021. An lá céanna, sheol Cathaoirleach an Choiste sin litir shínithe chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) chun a chur in iúl, dá dtarchuirfeadh an Chomhairle a seasamh chuig Parlaimint na hEorpa go foirmiúil sa riocht ina bhfuil sé ar fáil san iarscríbhinn a ghabhann leis an litir sin, go molfadh sé do sheisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan leasú, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch, ar an dara léamh ó Pharlaimint na hEorpa.

[5] 5631/21 + ADD1.

## II. CUSPÓIR

10. Is é is aidhm do chlár Pericles IV nótaí bainc agus monaí euro a chosaint ar ghóchumadh agus ar chalaois ghaolmhar, trí thacú leis na bearta arna ngabháil de láimh ag na Ballstáit agus trí chur leo, agus trí chúnamh a thabhairt d'údaráis inniúla náisiúnta agus d'údaráis inniúla an Aontais agus iad ag iarraidh dlúthchomhar tráthrialta agus malartú an chleachtais is fearr a fhorbairt eatarthu féin agus leis an gCoimisiún lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

    Tiocfaidh clár Pericles IV in ionad chlár Pericles 2020 chun a áirithiú go leanfar leis tar éis 2020.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

11. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích ag céim an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh (‘luath-chomhaontú ar an dara léamh').

12. Léirítear le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach cothrom a baineadh amach sa chaibidlíocht idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar éascaigh an Coimisiún í.

13. Dírítear sa chomhaontú ar an méid seo a leanas:

    - cothromaíocht a áirithiú idir na forálacha nós imeachta agus méid fíortheoranta an chláir. Go háirithe, glactar an clár oibre trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme (*Airteagal 10*) agus tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar an Rialachán chun na forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a fhorbairt, chomh maith leis an Iarscríbhinn a leasú chun na táscairí a athbhreithniú agus a chomhlánú i gcás inar gá chun críoch meastóireachta (*Airteagal 12*);

- uasrátaí cómhaoinithe do dheontais atá socraithe ag 75 % de na costais incháilithe, ar féidir, i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, iad a mhéadú go huasmhéid 90 % de na costais incháilithe (*Airteagal 8*);

- malartú faisnéise atá dírithe ar na cleachtais is fearr maidir le cosc a chur ar ghóchumadh agus ar chalaois a bhaineann leis an euro (*Airteagal 6*) a áirítear i measc na ngníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh tacaíocht airgeadais;

- gealltanas ón gCoimisiún go gcuirfear san áireamh, agus na cláir oibre á n-ullmhú aige, gníomhaíochtaí atá ann cheana agus atá beartaithe ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) agus ag Europol in aghaidh ghóchumadh agus chalaois an euro (*Airteagal 4*);

- cuirtear an focal 'neamhspleách' isteach in *Airteagal 13*, ina ndéantar foráil maidir le meastóireacht eatramhach neamhspleách a dhéanamh;

- cuirtear BCE le liosta na n-institiúidí a gcuirfear faisnéis bhliantúil ar fáil dóibh maidir le torthaí chlár Pericles IV (*Airteagal 12*);

- forálacha maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach an Rialacháin ón 1 Eanáir 2021 chun leanúnachas gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an gclár a cheadú (*Airteagail 16* agus *17*);

- sraith príomhtháscairí chun meastóireacht a dhéanamh ar chlár Pericles IV, chomh maith le tagairt don chaoi a ndéanfaidh an Coimisiún agus/nó tairbhithe an chláir (*Iarscríbhinn*) na sonraí maidir leis na príomhtháscairí feidhmíochta a bhailiú.

## IV. <u>CONCLÚID</u>

14. Tá an Chomhairle den tuairim gur den dea-chothromaíocht an seasamh uaithi ar an gcéad léamh agus go gcomhlíonfaidh an Rialachán nua, a luaithe a ghlacfar é, an cuspóir maidir le góchumadh agus calaois ghaolmhar a chosc agus a chomhrac agus, ar an gcaoi sin, iomaíochas gheilleagar an Aontais a fheabhsú agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a dhaingniú.